Foirm iarratais ar

# THACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA

Iarratas chuig:

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

---

## Tábhachtach: Léigh An Fhaisnéis Seo A Leanas Go Cúramach, Le Do Thoil

**1.** Mura bhfuil tú cinnte faoin gcaoi le haon cheann de na ceisteanna atá san fhoirm iarratais seo a fhreagairt, iarr ar oifigeach sa Rannóg Tithíochta nó in Aonad Seirbhíse do Chustaiméirí i d'údarás áitiúil nó i dIonad Eolais do Shaoránaigh áitiúil cuidiú leat.

**2.** Nuair atá tú ag comhlánú an fhoirm seo, déan cinnte go scríobhann tú go soiléir, le do thoil, ionas go mbeifear in ann d'iarratas a phróiseáil chomh tapa agus is féidir.

**3.** Déan cinnte go bhfreagraíonn tú na ceisteanna go léir a bhaineann leat ina n-iomláine. Mura bhfreagraíonn tú na ceisteanna go léir a bhaineann leat ina n-iomláine, d'fhéadfadh sé nach dtabharfaí an tosaíocht cheart duit i dtaobh tithíochta nó go mbeadh orainn an fhoirm a sheoladh ar ais chugat agus chuirfeadh sin moill ar d'iarratas. Ní dhéanfar ach iarratais atá comhlánaithe go huile is go hiomlán a phróiseáil.

**4.** Tá feidhm iomlán ag do chearta i d'ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus beidh siad leagtha amach go soiléir sna beartais agus nósanna imeachta ábhartha um chosaint sonraí don údarás áitiúil leis a bhfuil tú ag déanamh d'iarratais. Má tá aon cheist agat maidir le do chearta faoin RGCS, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí atá ainmnithe don údarás áitiúil sin. Cuirfidh an t-údarás áitiúil é féin sonraí ar fáil duit faoin gcaoi le d'fhiosrú a chur ar aghaidh.

**5.** Ní féidir an t-iarratas seo a chríochnú gan Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a bheith agat do gach uile dhuine den teaghlach atá luaite ar an bhfoirm iarratais. Mura bhfuil UPSP leanbh ar bith a bhfuil tú ag lorg cóiríochta dóibh ar eolas agat is féidir í a fháil amach, ach teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Leasa Shóisialaigh i do cheantar féin ar an teileafón nó go pearsanta. Tabhair ar aird, le do thoil, go mbeidh ort an UPSP atá agat féin a bheith ar láimh agat.

**6.** Ní mór duit na cáipéisí tacaíochta ábhartha go léir a sholáthar ionas gur féidir d'iarratas a phróiseáil. Bain úsáid as an seicliosta atá curtha ar fáil, le do thoil, chun a chinntiú go bhfuil gach rud atá riachtanach chun d'iarratas a mheas curtha san áireamh agat.

**7.** Ní féidir an t-iarratas seo a chomhlánú gan fianaise dhoiciméadach a bheith agat ar na mionsonraí ioncaim a chuirtear san iarratas seo, mar atá sonraithe sa seicliosta thíos.

**8.** Féadfaidh an t-údarás tithíochta, chun críche a fheidhmeanna faoi na hAchtanna Tithíochta 1966-2014, eolas a iarraidh agus a fháil ó údarás áitiúil eile, ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, ón nGarda Síochána, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ó Chomhlacht Tithíochta Údaraithe, maidir le háititheoirí nó le háititheoirí ionchais, nó le hiarratasóirí ar thithíocht údaráis áitiúil. D'fhéadfaí freisin do chuid sonraí a roinnt le comhlachtaí poiblí eile de réir an dualgas atá orainn chun calaois a chosc agus a bhrath.

**9.** Ba cheart aon athrú a tharlaíonn maidir leis na sonraí atá tugtha anseo, go háirithe aon athrú ar do sheoladh nó ar d'ioncam, a chur in iúl don údarás áitiúil láithreach bonn ionas gur féidir do thaifead a nuashonrú.

**10.** Ceanglaítear ar údaráis áitiúla tuairisciú don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta uair sa bhliain ar líon na dteaghlach a bhfuil tacaíocht tithíochta sóisialta de dhíth orthu, trí phróiseas ar a dtugtar Achoimre ar Mheasúnuithe um Thithíocht Shóisialta. D'fhéadfadh sé go n-éileodh an próiseas seo orainn teagmháil a dhéanamh leat amach anseo chun iarraidh ort a dhearbhú go bhfuil na sonraí atá tugtha ar an bhfoirm seo cruinn agus cothrom le dáta. Mura bhfaightear freagra ar iarraidh dá leithéid sin, d'fhéadfaí d'iarratas ar thithíocht a dhúnadh. D'fhéadfaí faisnéis a sholáthraítear tríd an bpróiseas seo a roinnt le Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun an tuarascáil ar Mheasúnú Achomair a thiomsú, ar achoimre staitistiúil í ar an leibhéal náisiúnta a threoróidh beartas agus pleanáil don todhchaí i dtéarmaí an riachtanais náisiúnta tithíochta.

**11.** **Déan cinnte, le do thoil, go bhfuil an fhaisnéis ábhartha chomh maith leis na cáipéisí tacaíochta ar fad curtha isteach agat chun d'iarratas a phróiseáil.** Tabhair do d'aire, áfach, go bhféadfadh an t-údarás áitiúil cáipéisí tacaíochta breise a iarraidh ag tráth níos déanaí.

# SEICLIOSTA D'IARRATASÓIRÍ

**Moltar go láidir d'iarratasóirí teacht i láthair ag an oifig seo chun a n-iarratais a chur isteach, toisc gur minic nach mbíonn iarratais a fhaightear ar an bpost comhlánaithe i gceart agus go mbíonn siad le seoladh ar ais dá bharr sin.**

**Cinntigh le do thoil go bhfuil na cáipéisí bunaidh seo a leanas san áireamh i d'iarratas (teastaíonn aistriúchán oifigiúil go Gaeilge nó Béarla, nuair is cuí):**

## 1. Faisnéis Phearsanta

– Foirm iarratais atá comhlánaithe go críochnúil (lena n-áirítear dearbhuithe sínithe) ☐

– Cruthúnas aitheantas fótagrafach (pas reatha nó ceadúnas tiomána Éireannach reatha) ☐

– Teastais Bhreithe le haghaidh gach duine sa teaghlach ☐

– UPSP le haghaidh gach duine sa teaghlach ☐

– Deimhnithe pósta do gach uile iarratasóir, nuair is ábhartha ☐

– Cruthúnas ar do sheoladh reatha (bille fóntais, ráiteas léasa nó cíosa) – i dtaca le gach iarratasóir, nuair is ábhartha ☐

– Má tá aonad ar cíos agat, cruthúnas ar chomhaontú tionóntachta agus ar chlárúcháin leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC), nuair atá sé ar fáil ☐

– Cruthúnas saoránachta nó cead fanacht in Éirinn i dtaca le gach aon bhall den teaghlach (m.sh. litir ón Roinn Dlí agus Cirt nó a choibhéis ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce). ☐

## 2. Faisnéis Ioncaim (i ndáil le gach aon bhall den teaghlach, nuair is ábhartha)

– Fianaise ar ioncam (socraigh go gcomhlánófar an Deimhniú Ioncaim a ghabhann leis, mura miste) ☐

**Fostaithe**

– Fianaise dhoiciméadach ar ioncam don tréimhse 12 mí roimhe trí mheascán de na nithe seo a leanas: ☐
- Ráiteas Dliteanais na bliana roimhe seo agus an Achoimre Sonraí Fostaíochta*, tá an dá cháipéis seo ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- Cruthúnas ar ioncam reatha an líon tí, e.g. duillíní pá don tréimhse idir an Ráiteas Dliteanais go dtí dáta an iarratais nó Achoimre Pá agus Cánach** – (Bliain go dtí seo), ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim. Sa chás go bhfuil Rannaíochtaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) iníoctha, ní mór duillín pá deireanach na bliana roimhe sin agus an duillín pá is deireanaí a chur ar fáil.

**Ioncam ó Leas Sóisialach**

– Ráiteas ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus mionsonraithe ann faoi na híocaíochtaí leasa uile a fuarthas agus an dáta tosaithe a bhfuarthas na híocaíochtaí sin. Ba chóir dáta tosaithe agus scoir íocaíochtaí dá leithéid a áireamh. Má tá teaghlach ag fáil leasa shóisialaigh ar feadh níos lú ná 12 mhí, ní mór fianaise ar ioncam fostaíochta a chur ar fáil (mar a leagtar amach thuas) lena gcumhdaítear tréimhse na fostaíochta. ☐

**Féinfhostaithe**

– Cuntais le 2 bhliain ar a laghad le Tuarascáil an Iniúchóra agus ☐

– Fógra Measúnaithe agus/nó Litir Admhála Féinmheasúnaithe don 12 mí roimhe ☐

* Tabharfaidh Achoimre Sonraí Fostaíochta na bliana roimhe seo eolas ar an gCáinioncaim, ÁSPC agus MSC a d'íoc an t-iarratasóir an bhliain roimhe sin.

** Is féidir ioncam reatha iarratasóra a thaispeáint trí Achoimre Pá agus Cánach a chur ar aghaidh. Tugtar eolas san achoimre sin ar ÁSPC, Cáinioncaim agus MSU na bliana reatha.

## 3. Cáipéisí a Ghabhann le hIdirscaradh/Colscaradh atá ag Teastáil

– Cóip den chomhaontú idirscartha/colscartha don bheirt iarratasóirí, nuair is ábhartha. Ní mór don chomhaontú a shainaithint: ☐

- Méid na cothabhála atá ar fáil nó atá á íoc ag an iarratasóir
- Na himthosca faoinar féidir deireadh a chur leis na híocaíochtaí cothabhála

– Sa chás nach bhfuil aon chomhaontú i gceist, ní mór litir ó aturnae an iarratasóra nó mionnscríbhinn dlí arna síniú ag aturnae cleachtach a chur leis an iarratas. Ba chóir go ndeimhneofaí sa litir: ☐

- Nach bhfuil comhaontú idirscartha oifigiúil ann
- Nach bhfuil aon imeachtaí cúirte ar feitheamh faoin reachtaíocht um dlí an teaghlaigh
- An staid maidir le híocaíochtaí cothabhála agus íocaíochtaí eile
- Socruithe rochtana/coimeádta thar oíche i ndáil le leanaí
- Úinéireacht mhaoine
- Fianaise ar íocaíochtaí cothabhála a fuarthas le linn na 12 mí roimhe sin, roimh dháta an iarratais

## 4. Úinéireacht Mhaoine

– Má tá maoin agat féin nó ag aon bhall de do theaghlach faoi láthair, teastaíonn mionnscríbhinn nó aon cháipéisí eile arna iarraidh ag an údarás áitiúil agus suíomh, luach, agus stádas reatha na maoine sonraithe iontu, chomh maith le haon airgead a fhaightear i leith na maoine. ☐

## 5. Cáipéisí Riachtanacha Eile

– Mura bhfuil tú i do chónaí i limistéar an údaráis áitiúil ina bhfuil tacaíocht tithíochta á lorg agat, tabhair fianaise le do thoil ar an nasc atá agat leis an gceantar áitiúil sin ☐

– Má bhí tú féin nó aon bhall de do theaghlach mar thionónta de chuid údaráis áitiúil/Comhlachta Ceadaithe Tithíochta (CCT) roimhe seo, tabhair litir ón údarás áitiúil/CCT ina raibh cónaí ort féin nó ar an mball den teaghlach agus na sonraí maidir leis an tionóntacht sin leagtha amach inti. Ba cheart go n-áireofaí sa litir seo fad ama na tionóntachta, an chúis gur cuireadh deireadh léi, na riaráistí agus aon fhaisnéis ábhartha eile. ☐

– Más mian leat iarratas a dhéanamh ar theach tuaithe aonair nó ar theagais in-aistrithe, cuir na cáipéisí riachtanacha a ghabhann leis san áireamh (féach Cuid 8 den fhoirm seo) ☐

– Má mheastar nach bhfuil do mhorgáiste iniompartha a thuilleadh agus gur imigh tú ón bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (MARP), cuir litir ó Aonad Tacaíochta Riaráistí d'iasachtóra san áireamh. ☐

## 6. Iarratais ar Fhorais Leighis nó ar Fhorais Mhíchumais (más ábhartha)

– Foirm um Fhaisnéis Leighis agus/nó Míchumais chomhlánaithe (Foirm 1 HMD), atá le fáil ó d'údarás áitiúil ☐

– Tuarascáil an teiripeora saothair maidir le haon riachtanais chóiríochta ar leith atá ann ☐

D'ainneoin na cáipéisí riachtanacha atá leagtha amach thuas ag pointí 1-6, i gcásanna áirithe, mar shampla, nuair nach féidir cáipéis áirithe a sholáthar, féadfaidh an t-údarás áitiúil, dá rogha féin, cáipéisí malartacha a iarraidh chun é féin a shásamh maidir leis an bhfaisnéis shonrach atá á lorg.

**UIMH. THAGARTHA AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL:**

# CUID 1: SONRAÍ PEARSANTA

**Comhlánaigh an chuid seo a leanas i dtaca leat féin agus le hIarratasóir.**

**Freagair GACH ceist le do thoil agus cuir tic (✓) sna boscaí ábhartha. Bain úsáid as BLOCLITREACHA.**

**Cuir tic sa bhosta más comhiarratas atá ann** ☐

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 1. UPSP | UIMHREACHA / LITREACHA | UIMHREACHA / LITREACHA |
| 2. Céadainm (neacha) | | |
| Sloinne | | |
| Sloinne breithe (má tá sé éagsúil) | | |
| 3. Seoladh reatha | | |
| Éirchód | | |
| Cé chomh fada is a bhfuil tú i do chónaí ag an seoladh seo? | BLIANTA / MÍONNA | BLIANTA / MÍONNA |
| 4. Uimhir fóin/fóin phóca | | |
| 5. Dáta breithe (cuir na teastais bhreithe faoi iamh) | L L M M B B | L L M M B B |
| 6. Inscne | | |
| 7. Sonraí pósta | Singil ☐ Baintreach ☐<br>Pósta ☐ Colscartha ☐<br>Páirtí ☐ Scartha ☐<br>Comhchónaí ☐ Scartha go Dlíthiúil ☐<br>Eile ☐ | Singil ☐ Baintreach ☐<br>Pósta ☐ Colscartha ☐<br>Páirtí ☐ Scartha ☐<br>Comhchónaí ☐ Scartha go Dlíthiúil ☐<br>Eile ☐ |

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| Dáta pósta (más ábhartha) (cuir an teastas pósta faoi iamh) | L L M M B B | L L M M B B |
| 8. Luaigh an gaol atá ag Iarratasóir 2 le hIarratasóir 1 | | |
| 9. Cuir tic sa bhosca más mian leat faisnéis a fháil trí ríomhphost | | |
| Seoladh ríomhphoist | | |

## CUID 2: SONRAÍ MAIDIR LE NÁISIÚNTACHT

**Comhlánaigh an chuid seo a leanas i dtaca leat féin agus le hIarratasóir 2 (más ábhartha).**

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 1. An áit agus/nó an tír inar rugadh tú: | | |
| 2. Náisiúntacht | | |
| 3. Teanga a labhraítear go hiondúil | | |
| 4. Stádas saoránachta (cuir cruthúnas saoránachta faoi iamh) | Éire / RA / LEE Eile* / Taobh amuigh den LEE | Éire / RA / LEE Eile* / Taobh amuigh den LEE |
| Dáta a tháinig go hÉirinn (más ábhartha) | L L M M B B | L L M M B B |
| **Más rud é nach náisiúnach de chuid an LEE nó RA tú:** Bunús an tréimhse dó fanacht in Éirinn (cuir cóip den chead cónaitheachta faoi iamh) | | |

* LEE: tagraíonn sé seo don Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), a bhfuil na stáit seo a leanas mar bhaillstáit dá chuid: An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn.

# CUID 3: SONRAÍ FOSTAÍOCHTA

**Comhlánaigh an chuid seo a leanas i dtaca leat féin agus le hIarratasóir 2 (más ábhartha).**

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 1. Stádas fostaíochta | Fostaithe (lánaimseartha nó páirtaimseartha) ☐ | Fostaithe (lánaimseartha nó páirtaimseartha) ☐ |
| | Féinfhostaithe ☐ | Féinfhostaithe ☐ |
| | Ag glacadh páirt i scéim fostaíochta de chuid an Rialtais (scéim SOLAS, m.sh.) ☐ | Ag glacadh páirt i scéim fostaíochta de chuid an Rialtais (scéim SOLAS, m.sh.) ☐ |
| | Dífhostaithe (ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh) ☐ | Dífhostaithe (ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh) ☐ |
| | Pinsinéir/Ar Scor ☐ | Pinsinéir/Ar Scor ☐ |
| | Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ☐ | Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ☐ |
| | Cúramaí Baile (ag tabhairt aire don líon tí/teaghlach nach bhuil aon ioncam á fháil aige) ☐ | Cúramaí Baile (ag tabhairt aire don líon tí/teaghlach nach bhuil aon ioncam á fháil aige) ☐ |
| | Dalta/Mac Léinn ☐ | Dalta/Mac Léinn ☐ |
| | Eile (Sonraigh, le do thoil) | Eile (Sonraigh, le do thoil) |
| 2. Ainm an fhostóra (i gcás duine atá féinfhostaithe, tabhair ainm na cuideachta) | | |
| 3. Seoladh an fhostóra (i gcás duine atá féinfhostaithe, tabhair seoladh na cuideachta) | | |
| 4. Gairm | | |
| 5. Stádas fostaíochta (e.g. post buan, lánaimseartha, páirtaimseartha) | | |
| 6. An dáta ar cuireadh tús leis an tréimhse fostaíochta reatha | L L M M B B | L L M M B B |

# CUID 4: SONRAÍ IONCAIM SHEACHTAINIÚIL

**Comhlánaigh an chuid seo a leanas i dtaca leat féin agus le hIarratasóir 2 (más ábhartha).**

## Luaigh an glanioncam seachtainiúil, le do thoil

**Is éard is glanioncam ann ná an méid airgid a thuilltear san iomlán sula mbaintear asbhaintí as. Ba cheart cáipéisí ábhartha a bheith faoi iamh chun tacú le gach aon fhoinse ioncaim, i.e. ráiteas leasa shóisialaigh, Ráiteas Dliteanais (nó a choibhéis), duillíní pá.**

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 1. Fostaíocht | € | € |
| 2. Féinfhostaithe | € | € |
| 3. Cineál(acha) íocaíochta(í) | | |
| Leasa shóisialaigh | | |
| Íocaíochtaí leasa shóisialaigh (iomlán) | € | € |
| 4. Foinsí ioncaim eile | € | € |
| Más ann, sonraigh le do thoil | | |
| 5. Cothabháil faighte (más ábhartha) | € | € |

## Luaigh na hasbhaintí seachtainiúil, le do thoil

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 6. Asbhaintí seachtainiúla | | |
| ÍMAT | € | € |
| ÁSPC | € | € |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | € | € |
| Rannaíochtaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) | € | € |
| 7. Eile | € | € |
| Más ann, sonraigh le do thoil | | |
| 8. Asbhaintí iomlán | € | € |

# CUID 5: SONRAÍ NA mBALL EILE DEN TEAGHLACH ATÁ AG LORG CÓIRÍOCHTA

**(i.e. gan Iarratasóir 1 ná Iarratasóir 2 san áireamh)**
**Déan an bhileog seo a chóipeáil le haghaidh tuilleadh ball teaghlaigh.**

| | BALL EILE DEN TEAGHLACH 1 | BALL EILE DEN TEAGHLACH 2 |
|---|---|---|
| 1. UPSP | UIMHREACHA LITREACHA | UIMHREACHA LITREACHA |
| 2. Céadainm(neacha) | | |
| Sloinne | | |
| Sloinne breithe (má tá sé éagsúil) | | |
| 3. Dáta breithe (cuir na teastais bhreithe faoi iamh) | L L M M B B | L L M M B B |
| 4. An tír inar rugadh an duine | | |
| 5. Náisiúntacht | | |
| 6. Inscne | | |
| 7. Stádas Pósta | | |
| 8. Gaol leis an iarratasóir | | |
| 9. Seoladh reatha | | |
| Éirchód | | |
| Cé chomh fada is atá an ball seo den teaghlach ina chónaí ag an seoladh seo? | BLIANTA MÍONNA | BLIANTA MÍONNA |

| | BALL EILE DEN TEAGHLACH 1 | BALL EILE DEN TEAGHLACH 2 |
|---|---|---|
| 10. An cleithiúnaí é an ball seo den teaghlach? | Is ea ☐ Ní hea ☐ | Is ea ☐ Ní hea ☐ |
| An comhiarratasóir é an ball seo den teaghlach? | Is ea ☐ Ní hea ☐ | Is ea ☐ Ní hea ☐ |
| 11. Stádas saoránachta (cuir cruthúnas saoránachta faoi iamh) | Éire ☐ RA ☐<br>LEE Eile* ☐ Taobh amuigh den LEE ☐ | Éire ☐ RA ☐<br>LEE Eile* ☐ Taobh amuigh den LEE ☐ |
| Dáta a tháinig go hÉirinn (más ábhartha) | L L M M B B | L L M M B B |
| **Más rud é nach náisiúnach de chuid an LEE nó RA an ball den teaghlach:**<br>Bunús an tréimhse dó fanacht in Éirinn (cuir cóip den chead cónaitheachta faoi iamh) | | |
| 12. Stádas fostaíochta | Fostaithe (lán-aimseartha nó páirtaimseartha) ☐<br>Féinfhostaithe ☐<br>Ag glacadh páirt i scéim fostaíochta an Rialtais (e.g. scéim SOLAS) ☐<br>Dífhostaithe (ag fáil leas sóisialach) ☐<br>Pinsinéir/Ar Scor ☐<br>Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ☐<br>Cúramaí Baile (i bhfeighil tí/teaghlach gan ioncam) ☐<br>Mac Léinn ☐<br>Eile, sonraigh le do thoil: | Fostaithe (lán-aimseartha nó páirtaimseartha) ☐<br>Féinfhostaithe ☐<br>Ag glacadh páirt i scéim fostaíochta an Rialtais (e.g. scéim SOLAS) ☐<br>Dífhostaithe (ag fáil leas sóisialach) ☐<br>Pinsinéir/Ar Scor ☐<br>Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ☐<br>Cúramaí Baile (i bhfeighil tí/teaghlach gan ioncam) ☐<br>Mac Léinn ☐<br>Eile, sonraigh le do thoil: |
| 13. Glanioncam seachtainiúil | € | € |

* Féach an fonóta ar leathanach 06.

# CUID 6: CÓIRÍOCHT REATHA

## Cineál na Tionachta

1. Roghnaigh an cineál tionachta atá agat faoi láthair ón liosta thíos

Teaghlach príobháideach ☐

Cóiríocht phríobháideach ar cíos ☐

Cóiríocht ar cíos ón údarás áitiúil ☐

Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT) ☐

Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) ☐

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) ☐

Cóiríocht éigeandála/Gan aon cheann acu seo ☐

Eile ☐

Más Eile, tabhair sonraí

2. Má roghnaigh tú **teaghlach príobháideach,** déan cinnte le do thoil go gcomhlánaíonn tú na codanna ábhartha thíos

Úinéir ionnaitheach ☐

In éineacht le tuismitheoirí ☐

In éineacht le gaolta/cairde ☐

3. Má roghnaigh tú **cóiríocht phríobháideach ar cíos,** déan cinnte le do thoil go gcomhlánaíonn tú na codanna ábhartha thíos

Ag fáil Forlíonadh Cíosa ☐

Níl ag fáil Forlíonadh Cíosa ☐

Luaigh an méid Forlíonta Cíosa in aghaidh na seachtaine

€

An dáta ar cuireadh tús le híocaíocht an Fhorlíonta Cíosa i leith an tseolta reatha

L L M M B B

## Faisnéis maidir le Cíos (má tá áit ar cíos agat)

1. Dáta tosaithe na tionóntachta L L M M B B

Cíos seachtainiúil €

2. An bhfuil tú chun deiridh leis an gcíos? Tá ☐ Níl ☐

Más Tá, luaigh méid na riaráistí €

3. An bhfuil fógra foirceanta faighte agat? Tá ☐ Níl ☐

Más Tá, sonraigh an chúis

## Cén cineál cóiríochta a bhfuil tú i do chónaí inti faoi láthair?

**Cuir tic sa bhosca agus déan cur síos.**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Árasán | ☐ | Ionad Soláthair Dhírigh | ☐ | Teach | ☐ | Príosún | ☐ |
| Teach Leaba is Bricfeasta | ☐ | Tithíocht ghrúpa | ☐ | Institiúid | ☐ | Tearmann | ☐ |
| Carbhán | ☐ | Bá láithreáin stad | ☐ | Teaghasán | ☐ | Scáthchóiríocht | ☐ |
| Teachín | ☐ | Ospidéal | ☐ | Teach soghluaiste | ☐ | Cóiríocht idirthréimhseach | ☐ |
| Teach lae | ☐ | Brú | ☐ | Ceann ar bith/eile | ☐ | | |

Cur síos, e.g. leathscoite, scoite, sraithe, bungaló, etc.

## Cé acu de na ráitis ag seo a leanas a dhéanann an cur síos is fearr ar an gcúis atá agat le tacaíocht a lorg?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Forais mhíchumais | ☐ | Áiseanna comhroinnte neamhdheonacha | ☐ | Méadú ar chíos | ☐ |
| Díshealbhú/fógra foirceanta | ☐ | Cúiseanna leighis | ☐ | Ní féidir cóiríocht a sholáthar ó d'acmhainní féin | ☐ |
| Tine/damáiste eile | ☐ | Róphlódaithe | ☐ | Cóiríocht neamhoiriúnach | ☐ |
| Gan dídean | ☐ | Áras tuismitheora/teaghlaigh (comhroinnt neamhdheonach) | ☐ | Morgáiste neamh-iniompartha | ☐ |

Más Eile, tabhair sonraí

## Sonraigh na háiseanna atá ar fáil do do theaghlach sa chóiríocht ina bhfuil sé faoi láthair

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seomra folctha | ☐ | Cistin | ☐ | Soláthar uisce – fuar | ☐ |
| Seomra leapa – sonraigh an líon díobh | ☐ | Seomra suite | ☐ | Soláthar uisce – te | ☐ |
| Téamh lárnach | ☐ | Leithreas | ☐ | | |

# CUID 7: STAIR CHÓIRÍOCHTA

**Tabhair sonraí, le do thoil, faoin gcóiríocht a bhí agat le 5 bliana anuas.**

| Seoladh | **Cineál tionachta** (e.g. úinéir, cíos príobh-áideach, ag fanacht le duine muinteartha, ect.) | **Tréimhse ag an seoladh** | | An chúis ar fhág tú |
|---|---|---|---|---|
| | | Ón LL/MM/BB | Go dtí LL/MM/BB | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

## Faisnéis faoi chóiríocht aon údaráis áitiúil/Comhlachta Ceadaithe Tithíochta/na Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC)

1. Tabhair sonraí, le do thoil, lena n-áirítear dátaí agus fad na tionóntachta, faoi aon teaghais nó láithreán arna sholáthar ag údarás áitiúil, nó ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, a bhí ar cíos ag an teaghlach, nó ar díoladh é leis an teaghlach **am ar bith san am atá caite.** Ba chóir litir ón údarás áitiúil ina raibh tú féin nó aon bhall de do theaghlach mar thionónta dá chuid a chur ar fáil maidir le haon tionóntacht roimhe seo.

2. Tabhair sonraí, le do thoil, lena n-áirítear dátaí agus fad na tionóntachta, faoi aon teaghais a bhí ligthe leis an teaghlach nó le haon bhall den teaghlach faoi chomhaontú tionóntachta na **Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC)** tráth ar bith sula ndéanfar iarratas.

# PART 8: RIACHTANAIS TITHÍOCHTA

Ní mór d'údaráis tithíochta riachtanais chóiríochta daoine den Lucht Siúil a mheas faoi alt 6 agus alt 7 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Is chun na críche sin a iarrtar an fhaisnéis sin agus chun na críche sin amháin agus ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis sin ná ní bheidh aon tionchar aici ar d'incháilitheacht do thacaíocht tithíochta sóisialta.

An duine de Lucht Siúil na hÉireann tú?

Is ea ☐ Ní hea ☐ B'fhearr liom gan a rá ☐

## Tabhair an cineál tacaíochta tithíochta sóisialta is fearr a fhreastalaíonn ar do chuid riachtanas le fios

| | | |
|---|---|---|
| Tithíocht oiriúnaithe ☐ | An Scéim Chúitimh um Obair Fheabhsúcháin (SCOF) ☐ | Suíomh do theach príobháideach ☐ |
| Comhlacht Tithíochta Faofa (CTF) ☐ | An Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) ☐ | Aistriú (tabhair uimhir chuntais an chíosa thíos, más ábhartha)* ☐ ________ |
| Teaghais in-aistrithe (féach thíos) ☐ | Cóiríocht ar cíos ó údarás áitiúil ☐ | Grúpthithíocht don Lucht Siúil ☐ |
| Síneadh le teach de chuid údaráis áitiúil ☐ | Tithíocht aon-urláir ☐ | Bá láithreáin stad don Lucht Siúil ☐ |
| Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)* ☐ | Teagmhais aonair faoin tuath (féacht thíos) ☐ | Feiliúnach do dhuine i gcathaoir rothaí ☐ |

## Tithe Aonair faoin Tuath

**Tabhair ar Aird: Ní mór don suíomh atá le haistriú a bheith glan ó aon ualaí, bíodh siad ina n-ualaí airgeadais nó ina n-ualaí eile.** Ní mór na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

1. Fianaise dlí ar cheart slí don údarás chuig na tailte ón mbóthar poiblí is gaire.
2. Sonraí faoi na tailte go léir atá faoi úinéireacht agat, lena n-áirítear cáipéisí teidil nó mionnscríbhinn sínithe ó aturnae ina ndeimhnítear go bhfuil na tailte cláraithe faoi d'úinéireacht nó faoi úinéireacht an duine atá ag cur an suíomh ar fáil.
3. Dearbhú i scríbhinn go bhfuil sé ar intinn an suíomh a aistriú chuig an údarás áitiúil saor in aisce.
4. Aontú i scríbhinn uaitse (nó ó úinéir na dtailte) i scríbhinn go nglacann tú leis gur faoi lánrogha an údaráis áitiúil amháin an cinneadh deiridh maidir le suíomh an teachín atá beartaithe ar na tailte, faoi réir go gcáileoidh tú don tacaíocht tithíochta sóisialta.
5. Aon cháipéisí eile, léarscáileanna suímh/leagan amach an tsuímh mar shampla, atá iarrtha ag an údarás maidir leis an iarratas.

| | |
|---|---|
| Ainm agus seoladh úinéar an tsuímh beartaithe: | Láthair bheacht an tsuímh (lena n-áirítear an baile fearainn): |

* Tá foirmeacha iarratais ar leith de dhíth, plé sin le d'údarás áitiúil.

## Teaghais In-aistrithe

Ní mór na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

1. Litir ó úinéir an tsuímh, agus deimhniú sa litir sin go bhfuil sé/sí sásta cead a thabhairt aonad in-aistrithe a chur ar an talamh.
2. Cóip de léarscáil an tsuímh.

| Ainm agus seoladh úinéar an tsuímh beartaithe: | Láthair bheacht an tsuímh (lena n-áirítear an baile fearainn): |
|---|---|
| | |

## Cóiríocht ar Fhorais Leighis nó ar Fhorais Mhíchumais

**Chun tacú le d'iarratas ar fhorais leighis nó mhíchumais, déan na sonraí seo a leanas a chur ar fáil mar aon le Foirm Faisnéise Leighis agus/nó Míchumais comhlánaithe (Foirm 1 HMD), atá ar fáil ó d'údarás áitiúil:**

| | |
|---|---|
| Ainm an bhaill den teaghlach a bhfuil riocht sláinte buan air/atá faoi mhíchumas, ar riocht/míchumas é a imríonn tionchar ar an gcineál tithíochta atá ag teastáil uait. | |
| Nádúr an reachta sláinte nó an mhíchumais agus cuir in iúl más riocht buan atá i gceist nó nach ea. | |
| Nuair is ábhartha, an cineál cóiríochta (e.g. ar urlár na talún), agus aon oiriúnuithe sonracha a theastaíonn mar gheall ar an riocht sláinte/míchumas. (Tuarascáil an teiripeora saothair le cur ar aghaidh chun tacú leis an iarratas) | |

# PART 9: BONN LEIS AN IARRATAS

**Bonn leis an iarratas:** ______________________________

(cuir isteach ainm an údaráis áitiúil)

**NB: tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach féidir leat iarratas a dhéanamh ar thacaíocht tithíochta sóisialta ach le húdarás áitiúil amháin, agus ní mór don údarás áitiúil sin ceann de na coinníollacha seo a leanas a shásamh:**

i. Údarás áitiúil a bhfuil cónaí ort ina limistéar feidhme faoi láthair
ii. Údarás áitiúil a bhfuil nasc agat leis an gceantar ina bhfuil a limistéar feidhme, nó
iii. Tá cúiseanna eile ann ar cheart don údarás áitiúil glacadh le d'iarratas ar thacaíocht.

**Tabhair ar aird: ciallaíonn nasc áitiúil:**

- Tá nó bhí ball den teaghlach ina chónaí ag am ar bith sa limistéar atá i gceist le tréimhse leanúnach 5 bliana; nó
- Tá an áit ina bhfuil aon bhall den teaghlach ag obair lonnaithe sa limistéar atá i gceist nó tá sé suite laistigh de 15 ciliméadar ón limistéar; nó
- Tá ball den teaghlach i mbun oideachas lánaimseartha in aon ollscoil, coláiste, scoil nó institiúid oideachais eile sa limistéar atá i gceist; nó
- Tá ball den teaghlach a bhfuil lagú fisiceach, céadfach, meabhairshláinte nó intleachtúil air ag freastal ar institiúid oideachais nó leighis sa limistéar ábhartha a bhfuil áiseanna nó seirbhísí curtha ar fáil ann a bhaineann go sonrach leis an lagú sin; nó
- Tá duine muinteartha ball den teaghlach ina chónaí sa cheantar ábhartha agus tá cónaí air ansin le 2 bhliain anuas ar a laghad (sa chás seo, ciallaíonn duine muinteartha – tuismitheoir, leanbh fásta nó siblín, agus d'fhéadfadh duine muinteartha eile amhail leas-tuismitheoir, seantuismitheoir, garpháiste, aintín nó uncail a áireamh chomh maith más rud é go bhfuil dlúthnasc aige le ball den teaghlach i bhfoirm gealltanais.

1. Cuir an bonn le d'iarratais in iúl mar seo a leanas (níor cheart tic a chur ach le bosca amháin):

   Cónaíonn an teaghlach i gceantar an údaráis áitiúil de ghnáth ☐

   Tá nasc ag an teaghlach leis an gceantar áitiúil i limistéar an údaráis áitiúil ☐
   Sonraigh an cineál nasc atá i gceist leis an gceantar áitiúil (féach an nóta thuas)

   Ba cheart don údarás áitiúil an t-iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta a mheas ar an gcúis/na cúiseanna seo a leanas ☐

2. An bhfuil tú féin nó aon bhall den teaghlach ar liosta tithíochta le haon údarás áitiúil eile? Tá ☐ Níl ☐

   Más Tá, tabhair ainm an bhaill den teaghlach agus an údaráis áitiúil dá bhfuil iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta déanta ina leith.

| Ball den teaghlach: | Údarás áitiúil: |
| --- | --- |
| | |

## Rogha Ceantar*

**Cuir tic leis na ceantair, laistigh de limistéar an údaráis áitiúil, a nglacfá le tairiscint don chóiríocht iontu.**

Is féidir tic a chur le 3 rogha ceantar ar a mhéad ón liosta rogha ceantar seo a leanas. Tabhair faoi deara le do thoil nach liostú tosaíochta é liostú na rogha ceantar ar an bhfoirm iarratais, i.e. meastar go bhfuil tosaíocht chomhionann ag na rogha ceantar go léir atá sonraithe ar an bhfoirm. **Ba cheart a thabhairt ar aird go ngeallann tú glacadh leis na ceantair seo go ceann tréimhse 12 mí.**

| **CB na nGleanntach** | | **CB Leifir-Srath an Urláir** | | **CB Dhún na nGall** | |
|---|---|---|---|---|---|
| Anagaire | | Baile an Droichid | | Baile an tSratha | |
| Ard an Rátha | | Bealach Féich/Srath an Urláir | | Béal Átha Seanaidh | |
| Árainn Mhór | | Caisleán na Finne | | An Bhroclais | |
| Ailt an Chorráin | | An Clochán | | Bun Dobhráin | |
| An Chluanaidh | | Conmhaigh | | An Charraig | |
| An Craoslach | | Droim Caoin | | Baile Dhún na nGall | |
| Croithlí | | Cúil na gCuirridín | | Droim an Róin | |
| An Dúchoraidh | | Leifear | | Dún Cionnaola | |
| Dún Fionnachaidh | | Lios Cúile | | Na Frosa | |
| An Clochán Liath | | Halla an Phoirt | | Gleann Cholm Cille | |
| Dún Lúiche | | Ráth Bhoth | | Cill Chartha | |
| An Fál Carrach | | Baile Suingean | | Na Cealla Beaga | |
| Baile na Finne | | | | An Lathaigh | |
| Na Gleannta | | **CB Inis Eoghain** | | Tamhnach an tSalainn | |
| Gort an Choirce | | Baile Lifín | | Paiteagó | |
| Gaoth Dobhair | | Ceann an Droichid | | | |
| Cionn Caslach | | Bun Cranncha | | **CB Leitir Ceanainn-Baile na nGallóglach** | |
| Leitir Mhic an Bhaird | | Bun na hAbhann | | Carraig Airt | |
| Loch an Iúir | | An Bheart | | Mín an Lábáin | |
| An Machaire | | Carn Domhnach | | Creamhghort | |
| Port Nua | | An Carraigín | | Na Dúnaibh | |
| Rann na Feirste | | Cluain Maine | | Fánaid | |
| Oileán Thoraí | | Cúil Dabhcha | | Gleann Súilí | |
| | | Fathain | | An Cheathrú Chaol | |
| | | Gleann Aola | | Cill Mhic Réanáin | |
| | | Gleann Gad | | Leitir Ceanainn | |
| | | An Caisleán Nua | | Mainéar Uí Chuinneagáin | |
| | | An Inis | | Baile na nGallóglach | |
| | | Cill Fhéich | | An Muileann Úr | |
| | | Málainn | | Port an tSalainn | |
| | | Cionn Mhálanna | | Ráth Mealtain | |
| | | Bun an Phobail | | Ráth Maoláin | |
| | | Magh | | An Tearmann | |
| | | An Baile Nua | | | |
| | | Rinn Uí Choigligh | | | |
| | | Carraig Mhic Uidhilín | | | |
| | | Taobh Bán | | | |

* Ba cheart a thabhairt ar aird go bhféadfaidh teaghlach a shásaíonn an coinníoll cónaithe nó an coinníoll maidir le nasc áitiúil suas le trí rogha ceantar a shonrú chun tacaíocht a fháil laistigh de limistéar na n-údarás áitiúil go léir sa chontae agus sa chathair atá i gceist agus, má tá sé incháilithe, cuirfear ar liosta feithimh tithíochta na n-údarás áitiúil sin é. Dá réir sin, agus de réir na socruithe atá ann faoi láthair, is féidir le teaghlach a dhéanann iarratas chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar shampla, más rud é go bhfuil siad incháilithe do thacaíocht agus má roghnaíonn siad go ndéanfaí amhlaidh, a chur ar an liosta feithimh i gcomhair trí cinn de na ceithre údarás áitiúla i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath (déantar amhlaidh i gCorcaigh agus i nGaillimh).

# CUID 10: FAISNÉIS FAOI RÉADMHAOIN EILE

**Déanfaidh an t-údarás áitiúil faisnéis sa chuid seo a chros-seiceáil leis na Coimisinéirí Ioncaim, ag úsáid an UPSP/na UPSPanna a chuirtear ar fáil.**

| | IARRATASÓIR 1 | BALL EILE DEN TEAGHLACH |
|---|---|---|
| 1. An bhfuil aon réadmhaoin agat féin nó ag aon bhall de do theaghlach faoi láthair, nó an bhfuil leas airgeadais agat féin nó ag ball de do theaghlach in aon réadmhaoin, in Éirinn nó in aon tír eile? (Cuir na cáipéisí/an mionnscríbhinn a ghabhann leis faoi iamh) | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ |
| 2. Más Tá, an bhfuil an mhaoin folamh? | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ |
| Seoladh na réadmhaoine | | |

# CUID 11: CIONTA OIRD PHOIBLÍ AGUS FAISNÉIS EILE

## Cionta Oird Phoiblí

Faoi Alt 14 Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997, féadfar d'údarás áitiúil leithdháileadh teaghaise a dhiúltú nó a chur siar sa chás go measann an t-údarás go bhfuil nó go raibh an duine atá i gceist ag i mbun iompar frithshóisialta nó nach rachadh leithdháileadh chuig an duine sin chun leasa na dea-bhainistíochta eastáit.

Ar ciontaíodh **aon bhaill** den teaghlach i gcion aon cheann de na forálacha reachtúla seo a leanas (1-4) sna 5 bliana roimh dháta an iarratais seo?

1. An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 — Ciontaíodh ☐ Níor ciontaíodh ☐
   Alt 5: Iompraíocht mhí-ordúil in áit phoiblí
   Alt 6: Iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí
   Alt 7: Ábhar atá bagrach, maslach, tarcaisneach nó graosta a dháileadh nó a chur ar taispeáint in áit phoiblí
   Alt 14: Círéib
   Alt 15: Mí-ord foréigneach, nó
   Alt 19: Ionsaí nó bac ar oifigeach síochána

Más 'Ciontaíodh', tabhair sonraí (lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí faoin gcion):

2. Alt 3, Alt 3A agus Alt 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997: faoi réir ordú eisiata nó ordú eisiata eatramhach — Ciontaíodh ☐ Níor ciontaíodh ☐

Más 'Ciontaíodh', tabhair sonraí (lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí faoin ordú eisiamh/ ordú eisiamh eatramhach):

3. Alt 117 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006: maineachtain gníomhú de réir ordú iompair — Ciontaíodh ☐ Níor ciontaíodh ☐

Más 'Ciontaíodh', tabhair sonraí (lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí faoin gcion):

4. Alt 257F d'Acht na Leanaí 2001 (Uimh. 24 de 2001): mainneachtain ordú iompair a chomhlíonadh — Ciontaíodh ☐ Níor ciontaíodh ☐

Más 'Ciontaíodh', tabhair sonraí (lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí faoin gcion):

## Faisnéis Eile

5. An ndearna tú féin, nó aon duine de na daoine eile atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais seo, suiteoireacht riamh i dteach cónaithe de chuid údaráis áitiúil? Rinne ☐ Ní dhearna ☐

6. Más 'Rinne', luaigh an seoladh agus na dátaí ina rabhthas i mbun áitíochta

Seoladh

Ó L L M M B B Go dtí L L M M B B

7. Ar díshealbhaíodh tú féin, nó aon duine de na daoine eile atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais seo as aonad cóiríochta roimhe seo? Más amhlaidh atá, luaigh mionsonraí faoin díshealbhú chomh maith leis an gcúis gur tharla sé (má tá thuilleadh spáis uait, cuir leathanach eile faoi iamh):

# CUID 12: FAISNÉIS EILE

Cuir aon fhaisnéis eile ar fáil a mheasann tú a bheith ábhartha do d'iarratas.
(má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir leathanach eile faoi iamh)

# Iarratas ar
# DEARBHÚ UM THACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA

**Léigh an fhaisnéis seo a leanas faoi bhailiú agus úsáid do chuid sonraí pearsanta agus an dearbhú go cúramach. Níor cheart an dearbhú a shíniú agus a dhátú ach amháin sa chás go bhfuil tú sásta go huile is go hiomlán go dtuigeann tú an fhaisnéis uile atá san fhoirm seo. Tabhair ar aird le do thoil nach féidir glacadh le hiarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta ach amháin sa chás go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe go críochnúil, agus go bhfuil an dearbhú seo sínithe.**

## Bailiú agus Úsáid Sonraí Pearsanta

Úsáidfear na sonraí UILE a sholáthraíonn tú agus an fhoirm seo á comhlánú agat (lena n-áirítear aon sonraí pearsanta a thugann tú inti) chun d'iarratas ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a mheas agus a riar. Ligtear don údarás áitiúil do chuid sonraí a roinnt le comhlachtaí poiblí eile, de réir an dlí, in imthosca áirithe. Féadfar dúinn, mar shampla, do chuid sonraí a roinnt leis an bPríomh-Oifig Staidrimh faoin Acht Staidrimh, 1993. Féadfar na sonraí a sholáthraíonn tú agus an t-iarratas seo á chomhlánú agat a roinnt le Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMA) agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta d'fhonn ceanglas reachtúil a chomhlíonadh chun Achoimre Bhliantúil ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta a sholáthar, lena n-áirítear tuarascálacha staidrimh a réiteach ar an mbonn náisiúnta lena dtreorófar an beartas agus an phleanáil don todhchaí i dtéarmaí an riachtanais tithíochta náisiúnta.

Féadfaidh an t-údarás áitiúil, chun críche a fheidhmeanna faoi na hAchtanna Tithíochta 1966-2014, faisnéis a iarraidh agus a fháil ó eagraíochtaí eile. Áirítear orthu sin, údarás áitiúil eile, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), na Coimisinéirí Ioncaim nó Comhlacht Tithíochta Údaraithe, maidir le háititheoirí nó le háititheoirí ionchais, nó le hiarratasóirí ar thithíocht údaráis áitiúil. Féadfar do chuid sonraí a roinnt le comhlachtaí poiblí eile de réir an dualgais atá orainn an chalaois a chosc agus a bhrath.

Tá feidhm iomlán ag do chearta mar ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus tá siad leagtha amach go soiléir i Ráiteas Príobháideachta Comhairle Contae Dhún na nGall

Tá cóipeanna de ar fáil ó Oifigeach Cosanta Sonraí

Má tá aon cheist agat faoi do chearta faoin RGCS, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Comhairle Contae Dhún na nGall. Nó d'fhéadfá teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) freisin.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí Oifigeach Cosanta Sonraí

Teil: 074 91 53900 Ríomhphost: dpo@donegalcoco.ie

## Dearbhú

1. Dearbhaímse (nó Dearbhaímidne) go bhfuil an t-eolas agus na sonraí a thugaim (nó a thugaimid) san iarratas seo fíor agus cruinn.

2. Geallaimse (nó geallaimidne) go dtabharfaidh mé (nó go dtabharfaimidne) fógra don údarás áitiúil faoi aon athrú a thagann ar mo chúinsí (nó ar ár gcúinsí) teaghlaigh, amhail athrú seolta, athrú ar na daoine atá sa teaghlach, athrú ar a gcuid pá nó a gcuid íocaíochtaí, nó ar riochta sláinte, má bhíonn athrú dá leithéid i gcoinne na sonraí atá curtha síos againn san fhoirm seo.

3. Aontaímse (nó aontaímidne) freisin gur féidir leis an údarás áitiúil cibé fiosrúcháin a mheasann sé a bheith riachtanach chun go bhfuil na sonraí san iarratas seo ceart a sheiceáil.

4. Tuigimse (nó tuigimidne) go bhfuil sé in aghaidh an dlí faisnéis bhréagach a thabhairt ar an bhfoirm seo agus gur féidir mé (nó muidne) a ionchúiseamh as gníomh dá leithéid.

5. Tuigimse (nó tuigimidne) go roinnfear mo chuid (nó ár gcuid) sonraí pearsanta leis an LGMA, agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun na críocha atá leagtha amach thuas.

6. Tuigimse (nó tuigimidne) nach roinnfear mo chuid (nó ár gcuid) sonraí pearsanta le comhlachtaí poiblí eile ach amháin faoi mar a bhfuil foráil déanta leis sa dlí.

7. Tuigimse (nó tuigimidne) go bhféadfar go ndúnfaí m'iarratas (nó ár n-iarratas) ar thithíocht mura ndéantar freagra ar iarratas ar fhaisnéis nuashonraithe, mar chuid den phróiseas um Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta.

**Iarratasóir 1**

Síniú ______________________ Dáta ☐☐☐☐☐☐
L L M M B B

**Iarratasóir 2**

Síniú ______________________ Dáta ☐☐☐☐☐☐
L L M M B B

**Foirm Iarratais chomhlánaithe le bheith seolta chuig an Ionad Seirbhísí Poiblí cuí, féach thíos**

Ceantar Bardais Inis Eoghain, Bóthar Mhálanna, Carn Domhnach, Co. Dhún na nGall. F93 YV1N
Ceantar Bardais Dhún na nGall, Droim Lonachair, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall. F94 DK6C
Ceantar Bardais na nGleanntach, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochan Liath, Co. Dhún na nGall. F94 H4CF
Ceantar Bardais Leitir Ceanainn, Bóthar Neil T Bléine, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. F92 TNY3
Ceantar Bardais Shrath an Urláir, Teach an Chontae, An Chearnóg, Leifear, Co. Dhún na nGall. F93 Y622

Má tá tú ag cur scairt ghutháin, déan teagmháil le príomh-uimhir na Comhairle ar (074) 91 53900 agus iarr orthu tú a chur fríd chuig an Rannóg Tithíochta

**TÁBHACHTACH**

**Doiciméadú atá de dhíth maidir le hIoncam Fostaíochta:**

Mar atá luaite sa Seicliosta ar leathanach 3 **is gá fianaise a chur isteach** maidir le hioncam don 12 mhí roimh dháta an iarratais, trí mheascán de na dóigheanna seo a leanas:

**Bliain reatha:**

Duilleoga páighe do gach fostaíocht/post

**Nó**

**Achoimre Pháighe agus Chánach (Bliain go Dáta)** – Is féidir é seo a fháil ó sheirbhís idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, MoChúrsaí. Beidh gach fostaíocht sa bhliain reatha go dtí seo san áireamh.

**An Bhliain Roimhe**

**Ráiteas Dliteanais** – Is féidir é seo a fháil trí sheirbhís idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, MoChúrsaí, nó ó d'oifig cánach áitiúil.

**Agus**

**Achoimre de Shonraí Fostaíochta** – Is féidir é seo a fháil ó sheirbhís idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, MoChúrsaí